



Suí iomlánach

A10-0264/2025

12.12.2025

TUARASCÁIL

ar an iarraidh ar dhíolúine Alessandra Moretti a tharscaoileadh
(2025/2064(IMM))

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Rapóirtéir: Marcin Sypniewski

CLÁR AN ÁBHAIR

Leathanach

TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	3
FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....	6

TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an iarraidh ar dhíolúine Alessandra Moretti a tharscaoileadh (2025/2064(IMM))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don iarraidh ar dhíolúine Alessandra Moretti a tharscaoileadh, a fuarthas i litir dar dáta an 27 Feabhra 2025 ón tSeirbhís Prótacail de Sheirbhís Phoiblí Fheidearálach na Beilge um Ghnóthaí Eachracha, Trádáil Eachtrach agus Comhar Forbartha ina raibh iarraidh ó Oifig Ionchúisitheoir Feidearálach na Beilge maidir le himeachtaí coiriúla atá le tionscnamh ina coinne agus arna bhfógairt sa Parlaimint an 10 Márta 2025,
 - tar éis di éisteacht a thabhairt d'Alessandra Moretti an 4 Meitheamh 2025 agus ag féachaint do na doiciméid a thíolaic sí i gcomhréir le Rial 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint d'fhaisnéis bhreise arna soláthar ag Ionchúisitheoir Feidearálach na Beilge,
 - ag féachaint d'Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 6(2) d'Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh Fheisirí Parlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,
 - ag féachaint do na breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013, an 19 Nollaig 2019 agus an 5 Iúil 2023,¹
 - ag féachaint do Rial 5(2), do Rial 6(1) agus do Rial 9 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A10-0264/2025),
- A. de bhrí gur iarr Ionchúisitheoir Feidearálach na Beilge an 27 Feabhra 2025 go ndéanfaí díolúine Alessandra Moretti, Feisire de Parlaimint na hEorpa a toghadh san Iodáil, a tharscaoileadh i ndáil le himeachtaí coiriúla atá le tionscnamh ina coinne;
- B. de bhrí go líomhnaítear gur thug imscrúdú atá ar siúl faoi láthair i gcomhthéacs an cháis ar a dtugtar *Qatar-gate* chun solais gur ann d'eagraíocht choiriúil laistigh d'Institiúidí an Aontais, go sonrach i bParlaimint na hEorpa, a raibh sé de chuspóir aici breabanna a thabhairt d'Fheisirí d'fhonn tionchar a imirt ar phróiseas cinnteoireachta na Parlaiminte chun socair leasanna geopholaitiúla tríú tíortha áirithe;
- C. de bhrí go ndealraíonn sé go léiríonn an t-imscrúdú líomhaintí gur tairgeadh roinnt

¹ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra v De Gregorio agus Clemente*, C-200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch v an Parlaimint*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C-163/10, ECLI:EU:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch v an Parlaimint*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 5 Iúil 2023, *Puigdemont i Casamajó agus Eile v an Parlaimint*, T-272/21, ECLI:EU:T:2023:373.

buntáistí sonracha d'Alessandra Moretti, gur ghlac sí leo agus fiú gur iarr sí iad; de bhrí, de réir na faisnéise arna cur ar fáil ag Ionchúisitheoir Feidearálach na Beilge, go líomhnaítear gur bailíodh réimse leathan cineálacha éagsúla fianaise ó chomhchúisithe agus ó amhrastaigh eile atá faoi imscrúdú breithiúnach maidir le roinnt buntáistí sonracha a d'iarr agus/nó a fuair Alessandra Moretti; de bhrí go líomhnaítear gur chomhthacaigh an iliomad torthaí de chuid na seirbhísí póilíneachta leis an bhfianaise sin; de bhrí go líomhnaítear go ndearna Alessandra Moretti mar mhalairt ar na buntáistí sonracha sin, freastal ar ócáidí nó cruinnithe mar a labhair sí ar son Chatar tar éis di, mar a líomhnaítear, ní hamháin teoracha a fháil ach comhairle a lorg go gníomhach maidir le gníomhartha a bhí le déanamh aici agus an méid a bheadh le rá aici ina cuid óráidí, agus cén áit agus cén uair; de bhrí go líomhnaítear freisin go ndearna sí teagmháil go réamhghníomhach le Feisirí eile, ag tairiscint dul ina n-ionad le linn an iliomad vótaí a bhain le Catar;

- D. de bhrí, dá réir sin, go bhfuil drochamhras ann go ndearna Alessandra Moretti, rud a líomhnaítear, gníomhartha neamhdhleathacha idir an 1 Iúil 2019 agus an 10 Nollaig 2022 ar féidir iad a rangú faoi Dhlí na Beilge mar rannpháirtíocht i ngníomhachtaí eagraíochta coiriúla agus mar bhreabaireacht éighníomhach, cionta coiriúla faoi Airteagail 324a agus 324b agus faoi Airteagail 246 go 250 de Chód Coiriúil na Beilge faoi seach;
- E. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh uirthi féin, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir²;
- F. de bhrí gurb é is cuspóir don díolúine pharlaiminteach dá bhforáiltear i bPrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh ná an Parlaimint agus a cuid Feisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla i ndáil le gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhlíonadh dualgas parlaiminteach agus nach féidir í a scaradh ó na dualgais sin;
- G. de bhrí go bhforáiltear in Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh nach bhfuil Feisirí Parlaimint na hEorpa inchurtha faoi aon saghas fiosrúcháin, coinneála ná imeachtaí dlíthiúla i leith tuairimí a nocht siad nó vótaí a chaith siad ag comhlíonadh a ndualgas dóibh; de bhrí gur foráil ar leith é Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh arb é is aidhm dó cosaint a thabhairt do shaoirse Fheisirí na Parlaiminte chun tuairimí a nochtadh agus dá neamhspleáchas³; de bhrí go mbaineann na líomhaintí le hiompraíocht arb ionann í agus na cionta rannpháirtíocht i ngníomhachtaí eagraíochta coiriúla agus breabaireacht éighníomhach, nach féidir a mheas mar thuairimí arna nochtadh nó vótaí arna gcaitheamh ag Alessandra Moretti ag comhlíonadh a dualgas di i bhfianaise chuspóirí agus fhoclaíocht Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;
- H. de bhrí nach ionann na cionta líomhnaithe, agus nach bhfuil baint dá réir sin ag an iarraidh dá éis ar dhíolúine Alessandra Moretti a tharscaoileadh, le tuairim a nocht sí ná le vóta a chaith sí agus a dualgais á gcomhlíonadh aici de réir bhrí Airteagal 8 de

² Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, *Briois v an Parlaimint*, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266;

³ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C-163/10, ECLI:EU:C:2011:543, pointe 26.

Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

- I. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 9, an chéad mhír, pointe (b), de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh go bhfuil díolúine ó aon bheart coinneála agus ó imeachtaí dlíthiúla ag Feisirí Pharlaimint na hEorpa, i gcríoch aon Bhallstáit nach é a mBallstát féin é;
- J. de bhrí, i gcomhréir le Rial 5(2) dá Rialacha Nós Imeachta, nach pribhléid phearsanta don Fheisire í an díolúine pharlaiminteach, ach gur ráthaíocht í ar neamhspleáchas Pharlaimint na hEorpa ina hiomláine agus a cuid Feisirí;
- K. de bhrí, de réir na hiarrata, go ndearnadh imscrúdú breithiúnach domhain casta fadálach a bhain *inter alia* le líon mór daoine agus dualgais imscrúdaithe a comhlíonadh lasmuigh den Bheilg, agus lasmuigh den Aontas, agus gur urghabhadh méid mór trealamh ríomhaireachta agus go ndearnadh anailís ar a raibh iontu; de bhrí gur bhain an t-imscrúdú atá ar siúl faoi láthair le roinnt daoine, lena n-áirítear Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, ní hamháin Alessandra Moretti; de bhrí go ndealraíonn sé, dá bhrí sin, nach bhfuil an iarraidh ar dhíolúine Alessandra Moretti a tharscaoileadh fréamhaithe in iarracht ar dhochar a dhéanamh dá gníomhaíocht pholaitiúil ach go bhfuil sí, os a choinne sin, de thoradh ar an imscrúdú breithiúnach domhain casta thuasluaite;
- L. de bhrí nár aimsigh an Pharlaimint aon fhianaise sa chás seo gurbh ann do *fumus persecutionis*, i bhfocail eile ní dhealraíonn sé gurb é an intinn atá laistiar de na himeachtaí anseo an bonn a bhaint ó ghníomhaíocht pholaitiúil Alessandra Moretti mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa;
 - 1. á chinneadh díolúine Alessandra Moretti a tharscaoileadh;
 - 2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach bonn chuig údarás inniúil Ríocht na Beilge agus chuig Alessandra Moretti.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

Dáta an ghlactha	3.12.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 16 –: 8 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Maravillas Abadía Jover, Pascal Canfin, José Cepeda, Ton Diepeveen, Mario Furore, Mary Khan, Ilhan Kyuchyuk, Sergey Lagodinsky, Lukas Mandl, Mario Mantovani, Pascale Piera, René Repasi, Krzysztof Śmiszek, Adrián Vázquez Lázara, Axel Voss, Marion Walsmann, Michał Wawrykiewicz, Lara Wolters, Dainius Žalimas
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	David Cormand, Arkadiusz Mularczyk, Gheorghe Piperea, Ernő Schaller-Baross, Alessandro Zan
Feisirí dá dtagraítear i Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Ilia Lazarov